

Páirtíocht Tuismitheoirí/an Phobail

Réasúnacht

Cuireadh an polasaí seo le chéile le cinntiú go bhfuil foireann agus Bord Bainistíochta na scoile ag cloí leis an mhéid atá leagtha amach san Acht Oideachas agus chun leas a chur ar fhoghlaim an pháiste trí rannpháirtíocht a chur chun cinn idir an scoil, an baile agus an pobal.

An Gaol le meon na scoile

Teastaíonn ó Scoil Oilibhéir Pluincéid, Rann na Feirsde, gach páiste a chur ar a chumas nó ar a cumas a mhianach nó a mianach a fhorbairt i dtimpeallacht chineálta ina mbaineann luach le buanna gach páiste. Is fearr gur féidir an obair seo a dhéanamh áit ina mbíonn leibhéal ard oscailteachta agus comhoibriú idir an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí.

Aidhmeanna

Seo a leanas na h-aidhmeanna atá ag an scoil maidir le Páirtíocht Tuismitheoirí/an Phobail:

- Pobal scoile a thógáil atá ceangailte le tacú le gach páiste.
- Nósanna imeachta a bhunú le haghaidh eolas a roinnt faoi dhul chun cinn agus gnóthachain na ndaltaí.
- Na deiseanna oideachasúla a sholáthraítear dár bpáistí a shaibhriú agus a mhéadú trí úsáid a bhaint as scileanna agus buanna tuismitheoirí agus baill den phobal.

Ról agus Freagracht Coiste na dTuismitheoirí

Déanann an Choiste imeachtaí a eagrú le h-airgead a bhailiú. Eagraíonn an Choiste an lá a thugann Daidí na Nollag cúirt ar an scoil. Tugann siad ceisteanna ó thuismitheoirí chuig an fhoireann scoile.

Ról agus Freagracht Ionadaíocht na dTuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta

Toghcháin Ionadaí na dTuismitheoirí chuig an Bhord Bainistíochta –

- Cuirtear liosta d’ainmneacha na tuismitheoirí uilig a bhfuil páistí acu sa scoil chuig gach tuismitheoir. Tugtar páipéar vótála do gach tuismitheoir.
- Ainmníonn siad cúigear tuismitheoir le cur chun tosaí.
- Cuirfear amach gearrliosta de chúigear agus vótálann na tuismitheoirí arís. Glactar leis an bheirt duine leis an méid vótaí is airde.

Is é an ról atá ag ionadaithe na dtuismitheoirí nó freastal ar na cruinnithe Boird. A bheith páirteach i gciníocha a dhéanfar faoin scoil. Buaileadh le tuismitheoirí atá buartha faoi gnóití scoile agus cuirfidh siad na ceistanna seo in iúl don Bhord Bainistíocht.

Ról agus freagracht na dtuismitheoirí maidir leis an scoil

Is é ról na dtuismitheoirí nó:

- cinntiú go bhfuil na páistí ar scoil gach lá den scoilbhliain.
- cinntiú go mbeidh na páistí in am don scoil ar maidin.
- Naíonáin - a chinntiú go bhfuil duine éigin ag an scoil ag a dó a chlog leis na páistí a thabhairt abhaile.
- le páistí le riachtanais speisialta oibriú leis an múinteoir tacaíocht foghlama agus leis an pháiste sa bhaile.
- cinntiú go bhfuil an obair bhaile déanta.
- cur in iúl do na múinteoirí má tá bulaíocht ar siúil.
- tacaíocht a thabhairt do na múinteoirí agus iad ag cloí leis an chód smachta.
- cinntiú go bhfuil na páistí ag caitheamh a gcuid éide scoile.
- lón sláintiúil a chur leis na páistí agus cloí le rialacha na scoile maidir le lón.
- cinntiú nach mbíonn guthán póca na scoile leis na páistí.
- cur in iúl don scoil má tá cógais le glacadh ag an pháiste.
- a bheith i láthair ag cruinnithe idir múinteoir agus tuismitheoirí.

Tugtar cuireadh do roinnt tuismitheoirí a theacht linn ar thurais scoile.
Tugtar cuireadh do thuismitheoirí chuig lá spóirt.

Pleananna Curaclam – Comhoibriú

- Tugtar na tuismitheoirí isteach go Rang na Naíonáin nuair atá a bpáiste ag tosú ar scoil. Teann múinteoir na Naíonáin fríd rudaí bunúsach leo. Tugtar pacáiste dóibh le cuidiú leis an pháiste gníomhaíochtaí réamh-léitheoireacht agus réamh-scríbhneoireacht a dhéanamh. Míneofar dóibh cad é mar a dhéantar an obair seo sa scoil.
- Léitheoireacht Beirte – Tugtar isteach na tuismitheoirí le h-eolas a thabhairt dóibh ar cad é an dóigh a n-oibríonn léitheoireacht beirte.
- Tugann múinteoirí moltaí do thuismitheoirí atá inníoch faoi a gcuid páistí – obair a thiofadh leo a dhéanamh le cuidiú leo.

Tabharfaidh na tuismitheoirí tacaíocht don phlean scoile trí cuidiú le na gcuid páistí:

- a spreagadh le léitheoireacht bhreise a dhéanamh.
- comhrá le na gcuid páistí agus cluichí a imirt leo.
- obair bhaile a dhéanamh m.sh. léamh, litriú, mata, táblaí, dánta a fhoghlaim.
- léitheoireacht beirte a dhéanamh.
- tríd iad a mholadh.
- tríd iad a spreagadh chun Gaeilge a labhairt sa bhaile.

Tacaíocht foghlaim

- Má tá tuismitheoirí inníoch faoi dhul chun cinn a gcuid páistí thig leo cruinniú a eagrú leis an múinteoir ranga agus leis an múinteoir tacaíocht foghlama agus oibriú leis na páistí sa bhaile.

Gníomhaíochtaí Breis-Churaclaim

- Tá ranganna ceoil ar siúil sa scoil gach tráthnóna Dé Luain. Déantar feadóig stáin, pianó, fidil agus ceol clasaiceach a mhúineadh. Tá sé eagraithe ag an scoil agus caithfidh na tuismitheoirí na páistí a thabhairt go dtí na ranganna.
- Tugann an scoil tacaíocht don chlub óige trí cumarsáid a dhéanamh leis na tuismitheoirí agus trí cuidiú leis na páistí a ullmhú do chomórtais.

Cumarsáid

- Bíonn **cruinniú na dtuismitheoirí** sa scoil i mí Deireadh Fómhair gach rang. Cuirtear nóta amach chuig na tuismitheoirí ag tabhairt cuireadh dóibh teacht isteach le dul chun cinn an pháiste a phlé. Déanfar plé ar na hábhair éagsúla agus ar iompar an pháiste.
- Cuirtear **tuairisc scoile** chuig na tuismitheoirí ag deireadh na bliana. Úsáidfear an leagan amach céanna do gach rang.

- **Nótaí a chuirtear abhaile** – Cuirtear nótaí na Naíonáin isteach sna fillteáin obair bhaile agus tugtar na nótaí do na ranganna eile agus iad ag dul abhaile ag an 3 a chlog.
- Caithfidh tuismitheoirí am a shocrú leis an múinteoir/príomhoide má theastaíonn **crúinniú** uathu.
- Má theastaíonn múinteoir **crúinniú** a bheith acu leis na tuismitheoirí cuirfear amach litir ag inse do na tuismitheoirí an cúis fá choinne an chruinniú agus tugtar am daoibh teacht isteach. Déanfar nótaí de rudaí tábhachtach a choinneáil i bhfillteán.
- Leagfar amach am do thuismitheoirí teacht isteach lena **bpáiste a chlárú** sa tríú téarma. Tugtar pacáiste do na tuismitheoirí ar an lá seo.
- Tá **clár nótaí** sa scoil do thuismitheoirí le h- eolas faoi chomórtais, cúrsaí, imeachtaí, srl.
- Coinnítear nótaí ó thuismitheoirí i bhfillteán. Faightear réiteach daoibh ag deireadh gach bliain.
- Tá Coiste na dTuismitheoirí ag oibriú ar **airgead a bhailiú**. Cuirfear amach liosta de aiseanna atá de dhíth sa scoil.

Ról an t-Oifigeach Leasa Oideachas

Tugann an t-Oifigeach Leasa Oideachas le fios do thuismitheoirí nuair atá 15 lá cailte ag a bpáiste trí litir a chur chucu agus cuirfear i gcúimhne dóibh go bhfuil sé de dhualgais ar an scoil an t-eolas a chur ar aghaidh ag an Bhord Leasa Oideachais má chailleann an páiste níos mo nó 20 lá. Cuirfear litir eile chuig na tuismitheoirí le tabhairt le fios dóibh go bhfuil an 20 lá cailte ag a bpáiste.

Cuairteanna Scoile

Nuair a bhíonn cuairteoir sa scoil ag caint leis na páistí beidh an múinteoir ranga i láthair.

Ról & Freagracht

Tá foireann na scoile, An Bord Bainistíocht agus na tuismitheoirí freagrach as an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm.

